Buntéarmaíocht Féideartha na Drámaíochta*

Téarmaí Drámaíochta

Amharclann: An foirgneamh nó an spás ina léirítear dráma

Buaicphointe: An pointe is airde de theannas drámatúil

Céile comhraic: Carachtar atá i gcoinne an laoich sa dráma

Coimhlint: Bíonn coimhlint riachtanach do dhráma. Uaireanta is coimhlint inmheánach í chomh maith

Comhrá: Caint idir carachtair

Cultacha/Feisteas: Éadaí na gcarachtar; ag cur pearsantachta/ na haoise/ an tsuímh in iúl

Drámadóir: Scríbhneoir drámaí

Feisteas stáitse/seit: An chuma atá ar an stáitse, trealamh, troscán srl. a úsáidtear chun suíomh an radhairc a léiriú

Foireann/foireann aisteoirí: Na haisteoirí a ghlacann páirteanna na gcarachtar

Frapa: Rud a úsáideann aisteoirí ar an stáitse le linn léirithe

Gníomh: Ceann de phríomhranna dráma. De ghnáth, bíonn idir gníomh amháin agus cúig ghníomh i ndráma

Iardhearcadh: Radharc a léirítear san am i láthair ach a léiríonn rud a tharla san am atá thart

Íoróin dhrámatúil: Nuair atá eolas ag an lucht féachana nach bhfuil ag carachta(i)r ar leith

Laoch/príomhcharachtar/príomhphearsa: An carachtar atá i lár an aicsin. Téann an lucht féachana ar aistear le príomhcharachta(i)r an dráma

Maisíochtaí fuaime: Fuaimeanna, seachas ceol agus caint, a chuirtear leis an radharc

Monalóg: Óráid a chuireann carachtar aonair i láthair. Léirítear a chuid smaointe sa mhonalóg

Radharc: Ceann de na rannáin laistigh de ghníomh

Script: Cáipéis le focail an dráma, na treoracha stáitse, liosta na gcarachtar srl.

Soilsiú: An soilsiú ar an stáitse a athraíonn le linn an dráma chun suíomh nó móthúcháin a chur in iúl

Suíomh an dráma: An áit agus an t-am ina bhfuil an dráma suite. De ghnáth, bíonn cur síos ar shuíomh an dráma ag tús na scripte Amannta athraíonn an suíomh ó radharc go radharc

Treoracha stáitse: Treoracha sa script ón drámadóir don stiúrthóir, do na haisteoirí srl.

***Is don mhúinteoir an gluaischárta seo, go príomha. Ní liosta cuimsitheach téarmaí é seo.**

CC BY NC

Buntéarmaíocht Féideartha na Drámaíochta ar lean

Cineálacha Drámaí

Coiméide/Dráma grinn: Léiriú éadrom ar dhaoine nó eachtraí greannmhara. Más scigdhráma é, déantar scigléiriú ar charachtair a bhíonn ag pleidhcíocht nó i bponc amaideach éigin

Ceoldráma: Dráma ina bhfuil ról ríthábhachtach ag an amhránaíocht, ag an gceol agus ag an damhsa

Dráma moráltachta: Dráma ina úsáidtear carachtair fháthchiallacha chun ceacht morálta a mhúineadh don lucht féachana

Dráma stairiúil: Dráma atá suite le linn tréimhse staire ar leith. B'fhéidir meascán de charachtair fhicseanúla agus fíordhaoine aitheanta

Fantaisíocht: Dráma ina dtiteann rudaí neamhghnácha/osnádútha amach

Miotaseolaíocht: Dráma bunaithe ar fhinscéal/mhiotas/bhéaloideas

Réalachas: Léiriú réalaíoch go leor ar an saol mar atá

Tragóid: Seánra drámaíochta bunaithe ar fhulaingt an duine agus, go príomha, ar na himeachtaí tragóideacha, brónacha a tharlaíonn do charachtar

Gairmeacha Beatha san Amharclannaíocht

Aisteoir: Glacann sé/sí páirt charachtair éigin sa dráma

Cumadóir ceoil: An duine a chumann an ceol do cheoldráma

Bainisteoir stáitse: Cinntíonn sé/sí go bhfuil na frapaí agus feistis stáitse san áit cheart ag an am ceart le linn an dráma

Dearthóir cultacha: An duine a dhearann na cultacha don dráma

Dearthóir seite: Samhlaíonn sé/sí agus dearann sé/sí suíomhanna an dráma don stáitse

Dearthóir soilsithe: Dearann sé/sí an soilsiú stáitse le haghaidh léiriúcháin

Ealaíontóir smididh: An duine a chuireann smideadh ar na haisteoirí

Drámadóir: Duine a scríobhann drámaí

Foireann léirithe: Na daoine go léir a oibríonn le chéile chun dráma a chur ar an stáitse

Léiritheoir: Cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar an tionscadal in am agus chuig caighdeán cuí

Stiúrthóir: Stiúrann sé/sí an dráma i gcomhar leis an bhfoireann léirithe

***Is don mhúinteoir an gluaischárta seo, go príomha. Ní liosta cuimsitheach téarmaí é seo.**

CC BY NC